

23 Dífheidhmeacht Feithiclí Armúrtha Oirbheartaíochta Éadrom

- 23.1** Ar áireamh sa Chuntas Leithreasa do Vóta 36 Cosaint tá muirear bearnaithe sa ráiteas faoi chostas oibriúcháin is ionann agus €2.77 milliún maidir le feithiclí míleata áirithe. Sa tuarascáil seo, leagtar amach cúlra an bhearnaithe.

Soláthar na bhfeithiclí

- 23.2** I mí na Nollag 2008, rinne an Roinn Cosanta (an Roinn) conradh chun 27 bhFeithicil Armúrtha Oirbheartaíochta Éadrom (LTAV) a cheannach ar chostas €19.6 milliún, CBL san áireamh.
- 23.3** Ceannaíodh na feithiclí tar éis próiseas soláthair iomaíoch, agus tugadh cuireadh do roinnt déantúsóirí seanbhunaithe feithiclí chun cur isteach ar an tairiscint. Fuarthas sé thairiscint shuntasacha. Cuireadh triúr déantúsóirí as an líon sin ar ghearrliosta chun páirt a ghlacadh i gclár mionsonraithe tástála agus meastóireachta d'fhonn na feithiclí a shocrú a bhí in oiriúint ar an mbealach is fearr do na riachtanais agus do na sonraíochtaí a bhí leagtha amach sa chuireadh chun tairisceana. Áiríodh leis sin feithiclí a thabhairt i láthair go fisiciúil le haghaidh tástálacha i gCampa an Churraigh.
- 23.4** Bhí na critéir fhógartha um dhámhachtain an chonartha chun na tairiscintí a mheas mar a leanas:
- saintréithe feidhmiúla agus feidhmíocht fheidhmiúil — 25%
 - fiúntas teicniúil agus feidhmíocht theicniúil — 23%
 - praghas — 22%
 - éascaíocht cothabhála, tacaíocht theicniúil agus seirbhís iardhíola — 10%
 - costas agus ard-infhaighteacht páirteanna spártha — 8%
 - téarmaí baránta — 7%
 - sceideal an tseachadta ó shíniú an chonartha — 5%.
- 23.5** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl gurbh é cinneadh na meastóireachta ar thairiscintí ná go raibh luach sármhaith ag gabháil leis an tairiscint bhuaiteach.
- 23.6** Nuair a dámhadh an conradh, sainaithníodh go raibh roinnt modhnuithe de dhíth i leith na feithicle a bhí molta ag an gconraitheoir sula gcomhlíonfadh an fheithicil riachtanais oibríochtúla Óglaigh na hÉireann ina n-iomláine agus chun rialacháin AE a chomhlíonadh freisin. Mar thoradh air sin, bhí roinnt modhnuithe de dhíth ar dhearadh an innill agus ar na córais choscánaithe agus stiúrtha agus chun trealamh arna sholáthar ag an rialtas a chomhtháthú. Rinne an déantúsóir na modhnuithe a bhí ag teastáil sula ndearnadh seachadadh. Dá bhrí sin, tá na costais a bhaineann leis na modhnuithe sin ar áireamh i bpraghas bunaidh an chonartha.

- 23.7** Rinneadh na feithiclí a ceannaíodh a sheachadadh sa bhliain 2010 agus bhí na nithe a leanas ar áireamh leo (tá CBL san áireamh sna praghsanna)
- 15 fheithicil chaighdeánacha ar chostas €590,000 an ceann
 - sé fheithicil mharcra ar chostas €593,000 an ceann
 - ceithre fheithicil airtléire ar chostas €696,000 an ceann
 - dhá fheithicil arna gcumrú le haghaidh cumarsáide ar chostas €600,000 an ceann.
- 23.8** Rinneadh roinnt modhnuithe beaga ar an dearadh tar éis an tseachadta, ar chostas €633,000, is é sin thart ar €23,000 in aghaidh na feithicle.
- 23.9** Ceannaíodh soláthar páirteanna spártha don fhlít freisin mar chuid den chonradh. Costas fála iomlán na bhfeithiclí lenar áiríodh modhnuithe roimh an seachadadh agus tar éis an tseachadta mar aon leis na páirteanna spártha, b'ionann é agus rud beag níos mó ná €20 milliún, CBL san áireamh.

Saolré fhóinteach ionchasach agus dímheas

- 23.10** Bhí an Roinn ag súil go mbeadh na feithiclí in úsáid ar feadh thréimhse 20 bliain, is é sin go 2029. Cuireadh na feithiclí le sócmhainní seasta ar chostas fála €16.4 milliún. Bhí sé beartaithe go mbeadh dímheas ar bhonn líne dhíriú ar feadh 20 bliain - is é sin, 5% in aghaidh na bliana - go luach iarmharach ainmniúil ab ionann agus €5,000 in aghaidh na feithicle. Mar gheall ar earráid riaracháin, áfach, ní dhearnadh ach 17 bhfeithicil a chatagóiriú i gceart mar fheithiclí troda armúrtha a mbeadh saolré fhóinteach ionchasach ab ionann agus 20 bliain acu. Rinneadh na deich bhfeithicil eile a chatagóiriú mar fheithiclí iompair troma, a raibh saolré fhóinteach ionchasach ab ionann agus 12 bhliain acu. Mar thoradh air sin, cuireadh dímheas luathaithe i bhfeidhm maidir leis na feithiclí a catagóiríodh go mícheart.
- 23.11** Baineadh úsáid as na feithiclí ar mhisin thar lear agus chun críocha oiliúna in Éirinn. Áiríodh leis na húsáidí thar lear misin éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe sa Liobáin agus sa tSiria, mar aon le húsáidí in éineacht le cathghrúpaí AE. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl gur leis an bhflít LTAV a tugadh buntáistí oirbheartaíochta, oibríochtúla agus síceolaíocha ríthábhachtacha do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus iad ar dualgas gníomhach thar lear i dtimpeallachtaí naimhdeacha.
- 23.12** Tarraingíodh an flít LTAV siar ó sheirbhís ghníomhach ina iomláine i mí na Nollag 2023, is é sin tar éis meánré feidhme a bhí cothrom le thart ar 14 bliana.

Úsáid an fhlít

- 23.13** De réir thaifid na Roinne, ba é meánmhíleáiste na 27 bhfeithicil ná thart ar 20,800 ciliméadar in aghaidh na feithicle ar feadh na 14 bliana ina raibh siad rangaithe mar a bheith in úsáid. Is ionann é sin agus meánmhíleáiste bliantúil in aghaidh na feithicle is lú ná 1,500 ciliméadar. Léiríodh leis an bhfeithicil is lú úsáid míleáiste taifeadta ab ionann agus 8,400 ciliméadar thar a saolré - gan ach meánlíon 600 ciliméadar in aghaidh na bliana i gceist léi.

- 23.14** Leis na sonraí míleáiste a sholáthair an Roinn, ní léirítear míleáiste taifeadta ar bith le haghaidh feithiclí áirithe i mblianta áirithe agus tá bearnaí sa taifead maidir le blianta eile. Seasann cuid de na míleáistí a taifeadadh amach mar mhíleáistí neamhghnácha don fheithicil a bhí i gceist, agus tá míleáiste níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis taifeadta i gcás amháin.
- 23.15** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go raibh fadhb neamhiontaofachta ann a bhí ar eolas agus a chuaigh i bhfeidhm ar ionstraimíocht deaise an fhlíit, lenar áiríodh an córas odaiméadair. Mar thoradh air sin, theip ar an odaiméadar i roinnt feithiclí agus ba ghá é a athshocrú nó aonad nua a chur in ionad an aonaid. I gcásanna áirithe, taifeadadh léamha nialasacha tar éis idirghabhálacha den chineál sin.
- 23.16** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go gcruthaítear dúshlán le hathshocrúithe, athsholáthairtí agus léamha aimhrialta na n-odaiméadar maidir le taifead iomlán atá in-iniúchta ina iomláine a bhunú ar mhíleáiste carnach don fhlíit ar feadh a shaolré feidhme iomláine.

Cothabháil agus deisiú

- 23.17** Go dtí go ndearnadh iad a tharraingt siar ó sheirbhís sa bhliain 2023, b'ionann costais chothabhála maidir leis an bhflíit LTAV agus €3.05 milliún san iomlán, meánchostas ab ionann agus €113,000 in aghaidh na feithicle, nó thart ar €8,000 in aghaidh na feithicle in aghaidh na bliana ar feadh 14 bliana. B'fhéidir go mbeadh na meánchostais chothabhála, deisithe agus athsholáthair tar éis méadú de réir mar a chuaigh na feithiclí in aois, ach seachnaíodh na costais sin trí na feithiclí a tharraingt siar ó úsáid.
- 23.18** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl gurb ionann an caiteachas cothabhála a tabhaíodh nuair a bhí na feithiclí i seirbhís agus thart ar 13% de chostas iomlán na húinéireachta, agus go bhfuil sé sin go sármaith i gcomparáid le rátaí tagarmharcála caighdeánacha maidir le flíteanna feithiclí míleata, nuair a bhíonn cothabháil agus tacaíocht oibríochtúil comhionann go hiondúil le 65% de chostas iomlán na saolré le haghaidh feithiclí talún míleata.
- 23.19** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl gur sainaithníodh fadhb shuntasach leis an bhflíit sa bhliain 2011. Tharla teip thromchúiseach ar líne tiomána i bhfeithicil armúrtha oirbheartaíochta éadrom (LTAV) agus í ag taisteal ar mhótarbhealach in Éirinn. Mar thoradh air sin, rinneadh damáiste nach beag do chomhpháirteanna na líne tiomána agus bhí sé ina chúis le dóiteán faoi chabhail na feithicle a ndearna oibrítheoir na feithicle é a choimeád faoi smacht go rathúil. Tar éis imscrúdaithe, socraíodh go raibh an fabht sin faoi chuimsiú oibleagáidí baránta an déantúsóra, agus rinneadh gníomhaíocht cheartaitheach chun tabhairt faoin ábhar faoi shocrúithe an bharánta.
- 23.20** Sa bhreis ar na fadhbanna teicniúla a sainaithníodh i leith na bhfeithiclí, thuairiscigh na hÚdaráis Mhíleata go ndeachthas i bhfeidhm go diúltach ar chothabháil agus ar thacaíocht don fhlíit de bharr deacrachtaí maidir le soláthar páirteanna spártha. Bhí soláthar páirteanna spártha faoi réir go minic ag moilleanna fada, rud a chuaigh i bhfeidhm ar amlínte deisiúcháin, ar infhaighteacht feithiclí, agus ar chothú éifeachtúil an fhlíit. D'oibrigh an Roinn in éineacht leis an déantúsóir agus le páirtithe leasmhara eile, nuair ba ghá, chun iarmhairt oibríochtúil na srianta sin ar an slabhra soláthair a mhaolú agus chun fóinteacht an fhlíit a choimeád a oiread agus ab fhéidir.

- 23.21** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go n-aithnítear an fhadhb maidir le hinfhaighteacht páirteanna spártha agus acmhainneacht an tslabhra soláthair go forleathan go hidirnáisiúnta mar cheann de na príomhrudaí a réamhchinntíonn ullmhacht agus infhaighteacht oibríochtúil feithiclí míleata. Ní fadhb ar leith i sin maidir leis an bhflít LTAV mar is dúshlán é a tharlaíonn arís agus arís eile ar fud flíteanna feithiclí armúrtha a oibrítear go hidirnáisiúnta. I staidéir arna ndéanamh ag saineolaithe sa tionscal agus ag comhlachtaí idirnáisiúnta eile, sainaithníodh infhaighteacht páirteanna spártha, tacaíocht theicniúil agus slándáil an tsoláthair mar dhúshlán a tharlaíonn arís agus arís eile agus a théann i bhfeidhm ar ullmhacht mhíleata.
- 23.22** I mí Aibreáin 2024, tar éis an flít a chur as feidhm, fuair conraitheoir innealtóireachta scoilteanna nach beag san fhonnadh i bhfeithicil amháin agus mhol sé gur cheart a dhearbhu nach bhféadfaí an fheithicil sin a úsáid go dtí go ndéanfaí na deisiúcháin riachtanacha uile uirthi.

Pleanáil diúscartha

- 23.23** Rinne an Roinn agus Óglaigh na hÉireann tairiscint chun na feithiclí a bhronnadh ar Fhórsaí Armtha na hÚcráine ach dhiúltaigh siad don tairiscint sin mar measadh an flít LTAV a bheith mí-oiriúnach dá riachtanais. Níl aon chinneadh déanta go dtí seo maidir le conas na feithiclí a dhiúscairt.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

- 23.24** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl gur soláthraíodh buntáistí oirbheartaíochta, oibríochtúla agus síceolaíocha ríthábhachtacha do phearsanra Óglaigh na hÉireann mar gheall ar sholáthar an fhflít LTAV agus iad ar dualgas gníomhach thar lear i dtimpeallachtaí sriantacha. I gcríocha naimhdeacha ina mbíonn an rún agus an cumas araon ag naimhde cur isteach ar oibríochtaí, ba leis na sócmhainní sin a uasmhéadaíodh an cumas teacht slán agus cosaint an fhórsa do phearsanra Óglaigh na hÉireann gan baint den acmhainn i leith an mhisin. Thacaigh an flít le hoiliúint intíre freisin.
- 23.25** Aithníonn an tOifigeach Cuntasaíochta, nár lean an flít LTAV ar aghaidh ag soláthar na dtairbhí oibríochtúla sin san fhadtéarma de réir mar a bhí beartaithe ar dtús, d'ainneoin na fírice gur éirigh go maith leis ar dtús. Mar gheall ar fhadhbanna maidir le fad saoil inseirbhíse agus tagarmharcáil feidhmíochta, cuireadh teorainn le háisiúlacht shínte an fhflít. Soláthraíodh léargais ríthábhachtacha leis an easnamh sin, áfach. Rinneadh na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhtháthú go rathúil cheana féin isteach i gcreataí soláthair ina dhiaidh sin chun saolréanna flíteanna amach anseo a bharrfheabhsú.
- 23.26** Mar thoradh ar na fadhbanna maidir le hinfhaighteacht páirteanna spártha, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go gcuirtear béim i bhfad níos mó i mbeartas fála cosanta an lae inniu ar phleanáil acmhainne uile, ar thacaíocht don tsaoiré, ar acmhainneacht an tslabhra soláthair agus ar shásraí soláthair idir-rialtasacha atá deartha chun dearbhú fadtéarmach tacaíochta, conairí i leith uasghrádaithe, agus slándáil an tsoláthair a chur ar fáil ar feadh shaolré na sócmhainne.

- 23.27** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl gur forbraíodh beartas soláthair na Roinne ionas go gcuirtear béim chothrom leis ar fháil an ardáin é féin agus ar na socruithe a theastaíonn chun an acmhainn sin a choimeád agus a uasghrádú agus chun tacú léi feadh a saolré oibríochtúla.

Conclúidí

- 23.28** Ó tharla gur aistarraingíodh na feithiclí LTAV ó sheirbhís go luath, agus i bhfianaise na húsáide bige a baineadh astu de réir cosúlachta agus iad i seirbhís, ní bhfuair an Roinn ná Óglaigh na hÉireann an tseirbhís ó na feithiclí lena raibh siad ag súil. Mar thoradh air sin, cailleadh luach nach beag mar gheall ar a gceannach. Tá an caillteanas luacha i bhfad níos mó ná an díluacháil €2.77 milliún sa luach anonn a aithníodh i ráitis airgeadais 2025.
- 23.29** Is teip thromchúiseach ar rialú bainistíochta an fhlít í an easpa taifead iontaofa maidir le míleáiste do fhlít mór feithiclí thar thréimhse fhada. Cé go bhféadfadh sé go raibh fadhb theicniúil ann a chuir leis sin, ba cheart do bhainisteoirí flít Óglaigh na hÉireann a bheith tar éis an fhadhb sin a shainaithint go gasta, agus ba cheart don Roinn a bheith tar éis iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach ar chostas an déantúsóra. Ní mór d'Óglaigh na hÉireann a chinntiú go bhfuil turasleabhair iontaofa ag gach feithicil atá i seirbhís i láthair na huaire agus go ndéantar gnáth-thaifeadadh cruinn ar mhíleáiste a dhéantar.
- 23.30** Chuir an Roinn in iúl go bhfuil ceachtanna foghlamtha aici ón soláthar seo agus gur forbraíodh a próiseas soláthair go suntasach ó 2008, agus an cuspóir ann saolré an trealamh mhíleata chostasaigh a fhaigheann sí a bharrfheabhsú.